



Niamh i bhfeighil an tí

Bhí Mamaí breoite agus **b'éigean di** fanacht sa leaba. D'fhan Niamh sa bhaile ón scoil chun obair an tí a dhéanamh. D'éirigh sí **go luath** agus d'ullmhaigh sí an bricfeasta. Thug sí **calóga arbhair** do na leanaí ar dtús. Thug sí **uibheacha bruite** dóibh ansin. Nuair a bhí **an slua** imithe ar scoil bhí **sos beag** aici. Nigh sí na gréithe agus chuir sí ar ais sa chófra iad. Sular fhág sí an chistin scuab sí an t-urlár.

Chuaigh sí **in airde staighre** agus **chóirigh** sí na leapacha. Fuair sí an **folúsghlantóir** agus scuab sí an cairpéad sna seomraí. Ina dhiaidh sin chuaigh sí amach ag siopadóireacht. Cheannaigh sí feoil i siopa an bhúistéara.

Fuair sí prátaí agus glasraí i siopa an ghrósaera. Nuair a tháinig sí abhaile chuir sí an fheoil san oigheann. Nigh sí na prátaí agus bhain sí an craiceann díobh. Chuir sí na prátaí isteach i gcorcán agus **dhoirt sí** uisce isteach orthu. Chuir sí ar an sorn leitreach ansin iad. I gcorcán eile chuir sí glasraí agus cuireadh é sin ar an sorn freisin. Chuaigh sí isteach chuig a Mamaí ansin chun cainte léi. **Níorbh fhada** go bhfuair sí boladh ag teacht ón gcistin. Isteach léi go tobann agus chonaic sí **deatach** ag teacht ón oigheann. **Ba bheag nár** loiteadh an fheoil. Nuair a tháinig an chlann isteach bhí an dinnéar réidh aici. D'ith siad an béile agus ní dúirt éinne aon rud faoin bhfeoil. Tar éis an dinnéir nigh sí na gréithe arís. Ansin fuair sí na héadaí agus chuir sí isteach sa **mheaisín níocháin** iad. Um thráthnóna fuair sí plúr, bainne géar agus úlla agus rinne sí cáca úll don tae. Thaitin sé sin go mór le gach éinne. Fuair sí moladh ón gclann ar fad **i ndeireadh an lae**.

Beannachtaí:

Nuair a thagann duine (daoine)
isteach sa teach (seomra),
cuirtear fáilte roimhe (rompu):
Fáilte romhat (romhaibh).
Céad míle fáilte romhat (romhaibh).
Duine ag imeacht ó theach (ó sheomra):
Slán agat (agaibh)
Beannacht Dé agat (agaibh)

Freagra:
Slán leat (libh)
Slán abhaile
Go dté tú (sibh) slán
Go n-éirí do
bhóthar leat (libh).

A. Foclóir

calóga arbhair, cornflakes
uibheacha bruite, boiled eggs
folúsghlantóir, vacuum cleaner

B. Scríobh amach an freagra ceart:

- Cén fáth ar fhan Niamh sa bhaile ón scoil?
 - chun a ceachtanna a dhéanamh.
 - chun an dinnéar a ithe.
 - chun obair an tí a dhéanamh.
- Cad a thug Niamh do na leanaí ar maidin?
 - uachtar reoite agus brioscaí.
 - calóga arbhair agus uibheacha bruite.
 - prátaí agus cabáiste.
- Cá ndeachaigh Niamh nuair a bhí an obair déanta sa chistin aici?
 - amach go dtí an phlásóg.
 - in airde staighre.
 - amach ag siopadóireacht.
- Cad a cheannaigh Niamh i siopa an ghrósaera?
 - nuachtán agus irisleabhar.
 - bróga agus stocaí.
 - prátaí agus glasraí.
- Cad a rinne sí um thráthnóna?
 - chuaigh sí amach ag siopadóireacht arís.
 - rinne sí cáca úll don tae.
 - chóirigh sí na leapacha.

C. Lón isteach na bearnaí:

- Chuir sí na prátaí i gcorcán agus dhoirt sí - - -.
- Fuair sí an - agus scuab sí an cairpéad.
- Chonaic sí deatach ag teacht - - .
- Chuir sí na héadaí isteach sa - - .
- Nigh sí na prátaí agus bhain sí an - díobh.

D. Freagair na ceistanna seo a leanas:

- Cathain a bhí sos beag ag Niamh?
- Nuair a thriomaigh sí na gréithe cad a rinne sí leo?
- Cérbh iad na siopaí ar thug Niamh cuairt orthu?
- Conas a d'ullmhaigh sí an dinnéar?
- Cén fáth a raibh deatach ag teacht ón oigheann?
- Ar thaitin an dinnéar leis an gclann?
- Cén fáth ar chuir sí na héadaí sa mheaisín níocháin?

Gramadach 2

- “Ba bheag nár loiteadh an fheoil”
Caill/an t-airgead, goid/an raidió, doirt/an bainne.
- “Níorbh fhada go bhfuair sí boladh ag teacht ón gcistin”
sroich/an chathair, dún/an leabhar, faigh/an dinnéar.